A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí ó Fhoireann Ghaeilge. Tá súil againn go bhfuil tú go maith agus go bhfuil ag éirí leat agus le do scoláirí.

Tionól Teagaisc 2024-2025

Is cúis áthais d'Fhoireann Ghaeilge Oide go reáchtálfar an Tionól Teagaisc 2024 ar an Satharn, **9 Samhain, 2024** in **Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7**. Is í aidhm na hócáide ná deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí chun gnéithe de theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge a phlé!

I measc na n-imeachtaí a bheidh ann ar an lá ná, múinteoirí ag roinnt cleachtais agus straitéisí praiticiúla, cainteanna ó aíonna, seastáin éagsúla agus ceardlanna idirghníomhacha ina mbeidh an fhoghlaim lárnach. Cuirfear lón ar fáil don lucht freastail agus tabharfar mála féiríní dóibh chomh maith! Ba bhreá leis an bhfoireann tú a bheith ina teannta ar an lá agus más maith leat dul ann, is féidir clárú don ócáid ag an nasc seo: https://tinyurl.com/TT20242025

Más féidir linn aon tacaíocht a sholáthar duit nó má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig **eolas@oide.ie**

Guímid gach rath ar an obair.

Is muidne le meas,

Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

Doras Feasa Fiafraí